




Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2017

Tuairimí ón FRA

Trí iarrachtaí ilchineálacha ag leibhéal AE agus náisiúnta, rinneadh iarracht cosaint na gcearta bunúsach a threisiú in 2016, cé gur bhagair roinnt beart an bonn a bhaint dá leithéid de chosaint. Déantar athbhreithniú i dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2017 FRA ar mhórfhorbairtí san earnáil, agus sainaitnítear sa tuarascáil freisin na rudaí atá curtha i gcrích agus na rudaí ar ábhair imní iad go fóill. San fhoilseachán sin, cuirtear i láthair tuairimí ó FRA maidir leis na príomhfhorbairtí sna réimsí téamachaa atá clúdaithe agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbhreathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh AE agus a Bhallstáit.

Ábhar

 Idir ghealltanais agus sheachadadh: 10 mbliana de chearta bunúsacha in AE	2
1. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti	4
2. Comhionannas agus neamh-idirdhealú	6
3. Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar	8
4. Lánpháirtíú na Romach	11
5. Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtíú	13
6. An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí	16
7. Cearta an linbh	19
8. Rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta	22
9. Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas	25



Idir ghealltanas agus sheachadadh: 10 mbliana de chearta bunúsacha in AE

Is deis é comóradh 10 mbliana bhunú Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) smaoineamh ar chuid den dinimic atá ag tacú leis na mórfhorbairtí atá déanta i réimse na gcearta bunúsach in AE ó 2007 i leith. Má ghlactar leis na forbairtí uile mar aonad, tá an chuma ar an scéal go bhfuil dhá rud ar leith ag tarlú. Ar an taobh institiúideach, tá uirlisí forbartha ag AE chun cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach níos fearr. Ach fós féin, tá bearnaí suntasacha le tabhairt faoi deara i gcur chun feidhme cearta bunúsacha ar an talamh agus – i roinnt réimsí – is chun donais atá cúrsaí ag dul. Chun dul i ngleic leis an teannas seo ní mór an dlí sna leabhair a aistriú go bearta éifeachtacha chun cearta a chomhlíonadh i saol laethúil an uile dhuine atá ag maireachtáil in AE. Le cois a aithint gur réamhchoinníoll le haghaidh dlí rathúil- agus ceapadh beartas, iad cearta bunúsacha, beidh tairbhe le baint as an “cás gnó” do chearta daonna a dhéanamh, “aghaidh a thabhairt do chearta” agus úsáid níos seasmhaí a bhaint as cearta eacnamaíocha. Gan cultúr cearta bunúsacha atá leabaithe go daingean agus a sheachadann tairbhí praiticiúla, ní bheidh mórán daoine atá ag maireachtáil in AE den tuairim go bhfuil úinéireacht acu ar luachanna an Aontais.

Is fianaise iad forbairtí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a rinneadh le déanaí, go bhféadfadh an rud ar glacadh leis le deich mbliana anuas mar fhorbairt nádúrtha i dtreo níos mó measa ar chearta bunúsacha, titim ar gcúl go héasca. Féadfar cuid den mhilleán don chúlchéimniú seo a lua leis an bhfíric, áit a ndearna AE agus reachtóirí náisiúnta ceiliúradh ar an dul chun cinn ag leibhéal foirmiúil, gur minic nár aistríodh é seo go feabhsúchán i saol daoine. Chomh fada is a bhaineann leis an iomarca daoine, is coincheap teibí é cearta bunúsacha atá cumhdaithe i ndlí, seachas sraith uirlisí éifeachtacha agus praiticiúla a dhéanann difríocht, agus ar féidir leo difríocht a dhéanamh i saol laethúil daoine. Is ábhar imní é an fhírinne seo, agus fírinne a mheabhraítear go láidir don Gníomhaireacht um Chearta Bunúsacha ina hidirghníomhaíocht leis na daoine a ndéantar a gcearta a shárú mar ghnáthrud go minic, agus daoine a bhfuil a dtuairimí agus a n-eispéiris le tabhairt faoi deara i suirbhéanna agus tionscadail allamuigh mórsála na gníomhaireachta.

Ag féachaint siar ar fheidhmíocht na gcearta bunúsach le 10 mbliana anuas, d'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil go leor scéalta éagsúla le tabhairt faoi deara, rud is cúis leis na conclúidí seo a leanas.

Ar lámh amháin, tá a thiomantas seanbhunaithe i ndáil le cearta daonna aistrithe ag AE, thar a theorainneacha, isteach i sraith beartas inmheánach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn laistigh de 28 mBallstát AE. Is fianaise ar an athrú seo iad dhá phríomh-gharspíoc:

- teacht i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha AE; agus
- cruthú na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha.

Príomh-gharspíoc eile a bheadh in aontachas AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, mar a éilítear i gConradh Liospóin.

Ar an taobh eile den scéal, is mórchúis imní fós é cearta bunúsacha a chur chun feidhme ar an talamh. Tá sé seo níos measa mar gheall ar thimpeallacht pholaitiúil ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil na toghthóirí agus a n-ionadaithe ag ceistiú, ní hamháin cearta áirithe, ach coincheap polaití bunaithe ar chearta.



Ag féachaint chun cinn, beidh sé riachtanach go dtiocfaidh AE ar bhealaí éifeachtacha chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- déileáil le mímhuintir institiúidí poiblí agus bagairtí a thagann ó inimirce nó domhandú, mar shampla;
- aird a tharraingt ar na tairbhí a bhaineann le cearta bunúsacha do gach duine in AE.

Níl “cultúr Cairte” leabaithe go hiomlán ag Ballstáit AE fós ina nósanna imeachta riaracháin, reachtacha agus breithiúnacha. Ní bhaineann AE lánúsáid ach oiread as poitéinseal gach ceart Cairte (cearta socheacnamaíocha san áireamh), nó as a bhfeidhm treoraithe ar fud a ghníomhaíochtaí. Ní iarrann an AE comhairle neamhspleách shochdhlíthiúil go córasach agus reachtaíocht á rith aige. Ina theannta sin, níor aontaigh an AE fós don Choinbhinsiún um Chearta an Duine (ECHR) agus, dá bhrí sin, níl sé fós faoi réir dhlínse na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR). Ina theannta sin, tá bearna idir beartais inmheánacha chearta bunúsacha AE agus a thiomantas seachtrach do chearta daonna.

Is ionann an dá scéal seo a thabhairt le chéile agus gairm phráinneach chun gnímh an bhearna idir an creat um chearta bunúsacha, i bprionsabal, agus torthaí cearta bunúsacha, i gcleachtadh, a dhúnadh. Éilíonn sé go n-athbheonn gach gníomhaí a thiomantas lena chinntiú, i dteannta a chéile, go mbeidh athruithe dáiríre ar shaol daoine mar thoradh ar chearta bunúsacha. Teastaíonn gníomh athnuaite sa spiorad seo ionas go mbeimid in ann féachaint siar in 2027 ar dheich mbliana rathúla, nuair a sheachaid AE agus a Bhallstáit a luachanna roinnte $\frac{3}{4}$ “dínit an duine, saoirse, daonlathas, combhionannas, smacht reachta agus meas ar chearta daonna, lena n-áirítear cearta daoine a bhaineann le mionlaigh”.

1. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti

Cuireann Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh le doiciméid náisiúnta maidir le cearta an duine agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Níl lánúsáid bainte as poitéinseal na Cairte go fóill, mar níl ach líon teoranta tagairtí, miontagairtí go minic, déanta don Chairt i gcúirteanna, parlaimintí agus rialtais náisiúnta. Tá samplaí ann, áfach, den Chairt a bheith ag cur breisluacha le agus ag baint tairbhe as a bheith san áireamh mar chuid de dhlí an Aontais, go háirithe chomh fada is a bhaineann le breitheanna cúirte. San am céanna, tá easpa beartas i mBallstáit AE atá dírithe ar an gCairt a chur chun cinn $\frac{3}{4}$ in ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar an bhfeasacht atá leis an ngá atá le hoiliúint a chur ar ghairmithe dlí maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gCairt.

De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ina ceangal ar Bhallstáit AE nuair atá siad ag gníomhú faoi raon feidhme dhlí AE. Téann reachtas AE i bhfeidhm go díreach agus go hindíreach ar shaol na ndaoine atá ina gcónaí in AE. Baineann dlí AE le hábhar sa chuid is mó de réimsí beartais. Ina fhianaise sin, ba cheart Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bheith ina caighdeán ábhartha nuair atá breithiúna agus státseirbhísigh sna Ballstáit ag comhlíonadh a gcúraimí laethúla. Tugtar le fios san fhianaise ó FRA, áfach, gur beag leas a bhaineann breithiúna agus údaráis riaracháin as an gCairt ar leibhéal náisiúnta. Dá mbeadh tuilleadh feasachta ann, d'fhéadfadh go rannchuideodh sé le cur i bhfeidhm méadaithe agus níos comhsheasmhai na Cairte ar leibhéal náisiúnta a bhaint amach.

Tuairim ó FRA 1.1

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit spreagadh a thabhairt do bhreithiúna agus d'údaráis riaracháin faisnéis faoi eispéiris agus faoi chineálacha difriúla cur chuige a mhalartú laistigh de na Ballstáit agus thar theorainneacha náisiúnta. Agus an malartú faisnéise sin á spreagadh acu, ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr a bhaint as deiseanna cistithe atá ann cheana, amhail iad sin atá ar fáil faoin gClár Ceartais.

De réir Airteagal 51 (raon feidhme) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór an reachtaíocht náisiúnta ar fad lena gcuirtear dlí AE chun feidhme a bheith ag teacht leis an gCairt. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, ní raibh ach ról beag ag an gCairt i bpróisis reachtacha ar leibhéal náisiúnta sa bhliain 2016. Níl an Chairt ina caighdeán a chuirtear i bhfeidhm go follasach agus go rialta le linn nósanna imeachta ina n-íniúchtar dlíthiúlacht na reachtaíochta le teacht nó ina measúnaítear tionchar na reachtaíochta sin, cé go gcuirtear ionstraimí náisiúnta chearta an duine ar áireamh go córasach sna nósanna imeachta sin. Ina theannta sin, tharla sé arís eile sa bhliain gurbh amhlaidh, maidir lena lán breitheanna uathu inar úsáideadh an Chairt, gur úsáid cúirteanna náisiúnta an Chairt gan argóint réasúnaithe a dhéanamh faoi cén fáth a raibh feidhm ag an gCairt maidir le cúinsí sonracha an cháis.



Tuairim ó FRA 1.2

D'fhéadfadh cúirteanna náisiúnta, agus rialtais agus/nó parlaimintí, breithniú a dhéanamh ar "scagadh Airteagal 51 (raon feidhme)" a dhéanamh ar bhealach níos comhsheasmhaí chun a mheasúnú ag céim luath cé acu a thagann nó nach dtagann ceisteanna faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh as cás breithiúnach nó as comhad reachtach. Dá ndéanfaí forbairt ar lámhleabhair chaighdeánaithe maidir leis na céimeanna praiticiúla chun infheidhmeacht na Cairte a dheimhniú, rud nach ndearnadh ach i ndornán Ballstát go dtí seo, d'fhéadfadh cleachtóirí dlí bheith in ann iad a úsáid le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na Cairte do chás cúirte nó do thogra reachtach ar leith.

Faoi Airteagal 51 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá oibleagáid ar Bhallstáit AE na prionsabail agus na cearta a leagtar síos sa Chairt a urramú agus a chomhlíonadh. Tá ceanglas orthu freisin cur i bhfeidhm na bprionsabal agus na gceart sin a "chur chun cinn" go gníomhach. Ina fhianaise sin, bheifí ag súil go mbeadh níos mó beartas ann lena gcuirfí an Chairt agus na cearta lena mbaineann chun cinn ar leibhéal náisiúnta. Cé gur neamhchoitianta atá beartais den sórt sin, is cosúil go bhfuil iarrachtaí méadaithe á ndéanamh chun oiliúint i gcearta an duine a chur ar fáil do ghrúpaí gairmiúla ábhartha.

Tuairim ó FRA 1.3

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go seiceáiltear comhaid agus beartais reachtacha ábhartha chun a fheiceáil an bhfuil siad ag comhlíonadh na Cairte nó nach bhfuil. Ba cheart dóibh freisin iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go gcloítear le hoibleagáid na Cairte mar ghnás nuair a ghníomhaíonn stáit faoi raon feidhme dhlí AE. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí beartais thiomnaithe a cheapadh chun feasacht a mhúscailt ar chearta na Cairte agus modúil oiliúna spriocdhírthe a chur i bhfeidhm sna curaclaim ábhartha do bhreithiúna náisiúnta agus do chleachtóirí eile dlí. Mar a d'áitigh FRA i mblianta roimhe seo, moltar do na Ballstáit oiliúint ar an gCairt a chothú sa chreat leathan um chearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR).

2. Comhionannas agus neamh-idirdhealú

Níor tháinig Ballstáit AE ar chomhaontú maidir leis an Treoir mholta um Chóir Chomhionann faoi dheireadh 2016. Lean roinnt Ballstát, áfach, leis an gcosaint in aghaidh idirdhealaithe a shíneadh i dtreo foras difriúil agus réimsí difriúla den saol. Sheas cinní éagsúla a rinneadh i gcúirteanna náisiúnta le cearta daoine faoi mhíchumas, agus rinne iarrachtaí ilchineálacha ag leibhéal idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta iarracht comhionannas LGBTI a chur chun cinn. Idir an dá linn, spreag bearta agus tograí chun baill éadaigh áirithe a chosc, díospóireachtaí maidir le saoirse reiligiúin agus creidimh, tráth ar cúis imní í bagairt sceimhlitheoireachta. Faoi dheireadh na bliana bhí méadú le tabhairt faoi deara san aitheantas a bhí á thabhairt don tuiscint go dteipeann ar dhul i ngleic le hidirdhealú le foras singil, aird a tharraingt ar na bealaí difriúla a ndéileálann daoine in AE le hidirdhealú ina saol laethúil.

Ba é 2016 an t-ochtú bliain d'idirbheartaíocht ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal an chomhionannais a chur chun feidhme do gach duine, beag beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, mar atá an Treoir um Chóir Chomhionann. Dá nglacfaí an Treoir sin, d'áiríteofaí go dtairgfheadh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit creat dlíthiúil cuimsitheach cothrom in aghaidh idirdhealú ar na forais sin. Faoi dheireadh na bliana, níor tugadh an idirbheartaíocht chun na haontoilíochta a bhí ag teastáil i gComhairle an Aontais Eorpaigh ionas go mbeifí in ann an treoir a ghlacadh. Bhí amhras ginearálta ar dhá Bhallstát faoin togra. Mar thoradh air sin, tá ordlathas foras cosanta ar idirdhealú ina ghné choitianta de dhlí AE go fóill. Le hAirteagal 21 (prionsabal an neamh-idirdhealaithe) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach. Is é seasamh Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

Tuairim ó FRA 2.1

Ba cheart do reachtóir AE breithniú a dhéanamh ar gach rogha chun a áirithiú go nglacfar an Treoir bheartaithe um Chóir Chomhionann go tapa ionas go gcinnteofar cosaint chothrom ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó treoshuíomh ghnéasaigh ar fud príomhréimsí saoil.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, leathnaigh Ballstáit AE an chosaint ar idirdhealú chuig forais bhreise agus chuig réimsí difriúla saoil sa bhliain 2016. Mar shampla, thug roinnt Ballstát stádas socheacnamaíoch duine nó athrú inscne duine isteach mar fhorais faoi chosaint ina reachtaíocht náisiúnta. Leathnaigh Ballstáit eile an dlí in aghaidh idirdhealú chuig réimsí amhail cosaint tomhaltóirí, clásail iomarcaíochta aoise agus aois scoir. Is é an toradh atá ar bhearta den sórt sin go rannchuidítear tuilleadh le dul i ngleic le hidirdhealú agus go gcothaítear cóir chomhionann ar fud raon leathan príomhréimsí saoil.

Tuairim ó FRA 2.2

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar chur le forais chosanta ar idirdhealú chun raon feidhme na reachtaíochta náisiúnta in aghaidh idirdhealú a leathnú.

Agus an teannas méadaithe a cruthaíodh le bagairt na sceimhlitheoireachta in AE le sonrú go mór sa chúla sa bhliain 2016, dhéileáil cúirteanna náisiúnta leis an gceist faoi cén uair atá sé inghlactha toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe éadaigh. Tá cásanna gaolmhara ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi láthair. Léiríodh sna cásanna sin go bhféadfadh tabhairt isteach aon toirmeasc den sórt sin tionchar díréireach a imirt ar mhná Moslamacha a roghnaíonn baill éadaigh áirithe a chaitheamh mar léiriú ar a bhféiniúlacht reiligiúnach nó ar a gcreideamh reiligiúnach. D'fhéadfadh sé idirdhealú a spreagadh in aghaidh na mban sin freisin. Le hAirteagal 10 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, áirithítear an ceart atá ag gach duine chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá ar áireamh sa cheart sin saoirse chun reiligiún nó creideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhlúadar le daoine eile, reiligiún nó creideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasghnátha. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar fhoras reiligiúin nó creidimh. Le hAirteagal 22 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, foráiltear go ndéanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.

Tuairim ó FRA 2.3

Ba cheart do Bhallstáit AE rí-aird a thabhairt ar an ngá atá ann le cearta bunúsacha agus le saoirsí a chosaint nuair atá siad ag smaoiniamh ar thoirmeasc ar bith a chur ar shiombailí nó ar bhaill éadaigh atá bainteach le reiligiún. Níor cheart teorainn dhíréireach a chur leis an tsaoirse atá ag duine chun a reiligiún a chleachtadh le togra reachtach nó riaracháin ar bith ina leith sin. Nuair atá toirmisc den sórt sin á mbreithniú acu, ba cheart ceisteanna ceart bunúsach agus an gá atá ann le comhréireacht a chothú sna breithnithe ón tús.

Bhí ag méadú sa bhliain 2016 ar an aitheantas a bhí á tabhairt don fhírionnach nach mbeifí in ann na bealaí difriúla ina ndéantar idirdhealú in aghaidh daoine ina saol laethúil a chumhdach dá mba rud é go dtabharfaí aghaidh ar idirdhealú bunaithe ar fhoras aonair amháin. Tá fianaise ina leith sin le feiceáil sa chlaonadh leantach atá ann ar leibhéal náisiúnta i dtreo raon feidhme na reachtaíochta in aghaidh idirdhealú a leathnú trí fhorais faoi chosaint agus/nó réimsí saoil a chur leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Mar sin féin, ní gnách go ndéileáilann AE agus a Bhallstáit le hil-idirdhealú go follasach nuair a fhorbraíonn siad ionstraimí dlíthiúla agus beartais. Faoi dheireadh na bliana 2016, ní raibh il-idirdhealú á chumhdach ina reachtaíocht náisiúnta ach ag naoi mBallstát AE. Dá nglacfaí cur chuige den sórt sin, d'fhéadfadh go mbeadh tuiscint níos fearr ann ar an dóigh a ndéantar idirdhealú in aghaidh daoine ina saol laethúil agus d'fhéadfadh go mbeifí in ann bearta a cheapadh lena gcothófaí fíorchuimsiú.

Tuairim ó FRA 2.4

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit aitheantas a thabhairt d'il-idirdhealú agus d'idirdhealú trasnach le linn dóibh forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar ionstraimí dlíthiúla agus beartais arb é is aidhm dóibh idirdhealú a chomhrac, cóir chomhionann a chothú agus cuimsiú a chur chun cinn.

3. Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

Bhí freagairtí ciníocha agus seineafóbacha chomh fada is a bhain le dhéanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh, dianseasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh in 2016. B'éigean do Mhoslamaigh déileáil le naimhdeas agus éadulaingt a bhí ag dul i méid, agus bhí go leor Romach fós ag déileáil le héifeachtaí an idirdhealaithe agus an fhrithghiofógachais. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach Grúpa Ardleibhéil chun ciníochas, seineafóibe agus foirmeacha éadulaingthe eile a chomhrac, ar mhaithe le tacú le hiarrachtaí náisiúnta sa réimse seo, agus chun cur i gcoinne fuathchoireacht agus fuathchaint. Dhírigh Ballstáit AE ar fuathchoireacht ar bhealaí ilchineálacha, rinneadh athbhreithniú ar aicmiú inspreagadh leatrom, reáchtáladh feachtais feasachta, agus soláthraíodh oiliúint speisialaithe d'oifigigh agus d'ionchúisitheoirí forfheidhmithe dlí. San am céanna, lean an Coimisiún Eorpach le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníocha. I measc na ndúshlán a fheictear arís agus arís eile, tá baic éagsúla ar éifeachtacht agus neamhspleáchas comhlachtaí comhionannais, próifíliú idirdhealaitheach eitneach, agus ganntanas pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun ciníochas a chomhrac.

Ní raibh aon stad ann sa bhliain 2016 le freagairtí ciníocha agus seineafóbacha do theacht na ndéanaithe, na n-iarrthóirí tearmainn agus na n-imirceach in AE, rud a bhí le sonrú go mór sa bhliain 2015. Áiríodh leis na freagairtí sin fuathchaint, bagairtí, fuathchoireacht agus dúnmharú fiú. Mar sin féin, ní bhailíonn ach dornán Ballstát sonraí sonracha faoi theagmhais ina ndírítear ar dhéanaithe, ar iarrthóirí tearmainn agus ar imircigh. Baineann sé sin le hábhar go háirithe le haghaidh cur chun feidhme a dhéanamh ar Airteagal 1 de Chinneadh Réime AE maidir le Ciníochas agus Seineafóibe. Leagtar amach san Airteagal sin na bearta nach mór do na Ballstáit a dhéanamh chun iompar ciníoch agus seineafóbach toiliúil áirithe a fhionósú. Le hAirteagal 4(a) den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdealaithe Chiníoch a Dhíothú, cuirtear ceangal ar na Stáit is páirtithe ann cion is inphionós le dlí a dhéanamh de ghríosú chun idirdhealaithe chiníoch agus d'fhoréigean in aghaidh aon chine nó aon ghrúpa daoine. Is páirtithe sa Choinbhinsiún iad na Ballstáit uile AE.

Tuairim ó FRA 3.1

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go ndéanfar imscrúdú, ionchúiseamh agus triail éifeachtach ar gach cás a bhfuil fuathchoireacht nó fuathchaint líomhnaithe i gceist leis, lena n-áirítear na cásanna sin ina ndírítear go sonracha ar iarrthóirí tearmainn, ar dhéanaithe agus ar imircigh. Ní mór an méid sin a dhéanamh i gcomhréir le forálacha náisiúnta is infheidhme agus, nuair is cuí, i gcomhlíonadh fhorálacha Chinneadh Réime AE maidir le Ciníochas agus Seineafóibe, i gcomhlíonadh oibleagáidí Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus i gcomhlíonadh chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le fuathchoireacht agus fuathchaint. Anuas air sin, d'fhéadfadh na Ballstáit sonraí níos mionsonraithe a bhailiú faoi theagmhais ina ndírítear go sonracha ar dhéanaithe, ar iarrthóirí tearmainn agus ar imircigh.

Sa bhliain 2016, ní raibh pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta um idirdhealú ciníoch, ciníochas nó seineafóibe a chomhrac i bhfeidhm ach ag dornán Bhallstáit AE. Is amhlaidh sin d'ainneoin na fíricí gur ar stáit a leagtar an phríomhfhreagracht as ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac le

Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban de chuid na Náisiún Aontaithe, rud a d'éascair as an gComhdháil Dhomhanda in aghaidh Ciníochais, Idirdealú Ciníoch, Seineafóibe agus aon Éadulaingthe atá bainteach leo. Dá gcuirfí pleananna den sórt sin chun feidhme, sholáthrófaí modh éifeachtach do Bhallstáit AE chun a áirithiú go gcomhlíonann siad a gcuid oibleagáidí faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas agus faoin gCinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe. Tá Grúpa Ardleibhéil AE um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac, a bunaíodh i mí an Mheithimh 2016, tá sé ina fhóram do Bhallstáit AE inar féidir leo cleachtas a mhalartú chun a áirithiú go n-éireoidh leo pleananna gníomhaíochta den sórt sin a chur chun feidhme.

Tuairim ó FRA 3.2

Ba cheart do Bhallstáit AE pleananna gníomhaíochta náisiúnta sonracha a ghlacadh chun ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit cloí leis an treoir uileghabhálach phraiticiúil ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le conas pleananna sonracha den sórt sin a fhorbairt. Ar aon dul leis an treoir sin, ba cheart na nithe seo a dhéanamh sna pleananna gníomhaíochta: spriocanna agus gníomhartha a shocrú; comhlachtaí stáit freagracha a shannadh; spriocdhátaí a shocrú; táscairí feidhmíochta a leagan síos; agus soláthar a dhéanamh do shásraí faireacháin agus meastóireachta.

Dá mbaileofaí sonraí dí-chomhbhailithe go córasach faoi theagmhais idirdhealaithe eitnigh, fuathchoireachta agus fuathchainte, d'fhéadfadh cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Comhionannas Ciníochas agus an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a fheabhsú. Chomh maith leis sin, is féidir na sonraí sin a úsáid chun cabhrú le meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar phleananna gníomhaíochta arb é is aidhm dóibh ciníochas, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chosc agus a chomhrac. Léirítear i bhfianaise ar bhailigh FRA í, áfach, gurb ann do bhearnaí marthanacha ann go fóill sa dóigh a dtaifeadann Ballstáit AE teagmhais idirdhealaithe eitnigh agus choireachta ciníche. Ní féidir déileáil le teagmhais nach dtugtar tuairisc orthu, rud a chuireann cosc ar íospartaigh sásamh a iarraidh. Baineann sé sin le hábhar go háirithe mar gheall ar an oibleagáid atá ar Bhallstáit AE cosaint éifeachtach íospartach a áirithiú go gníomhach agus a chinntiú go mbíonn rochtain acu ar chosaint éifeachtach agus ar leigheasanna éifeachtacha faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach

Cineál Idirdealaithe Chiníoch a Dhíothú. Trí Ghrúpa Ardleibhéil AE um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac, leanann FRA ar aghaidh ag obair leis na Ballstáit, le hinstitiúidí AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun cabhrú le feabhas a chur ar thaifeadadh na fuathchoireachta agus ar bhailiú sonraí ina leith.

Tuairim ó FRA 3.3

Ba cheart do Bhallstáit AE iarracht a dhéanamh sonraí bliantúla is féidir a chur i gcomparáid le blianta eile a thaifeadadh, a bhailiú agus a fhoilsiú go córasach faoi idirdhealú eitneach agus faoi fuathchoireacht ionas go mbeidh siad in ann freagairtí dlíthiúla agus beartais atá éifeachtach agus fianaisebhunaithe a fhorbairt do na feiniméin sin. Ar na sonraí ba cheart a bhailiú tá cúiseanna éagsúla le claonadh a spreagadh agus saintréithe eile amhail láthair na dteagmhais agus faisnéis nach luaitear ainmneacha inti maidir le híospartaigh agus déantóirí na coire. Ba cheart aon sonraí a bhailiú i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht AE um chosaint sonraí.

Léirítear i bhfianaise ón mbliain 2016 go raibh roinnt comhlachtaí comhionannais ag dul i ngleic le ciorruithe buiséid agus foirne nó le leasuithe reachtacha ar a sainordú. Is nithe iad sin a d'fhéadfadh feidhmiú éifeachtach na gcomhlachtaí a chur i mbaol. Le hAirteagal 13(1) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas, ceanglaítear ar na Ballstáit uile AE comhlacht comhionannais nó comhlachtaí comhionannais a ainmniú le haghaidh cóir chomhionann gach duine a chur chun cinn gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh. Ní fhoráiltear leis an Treoir, áfach, ach d'íoschaighdeáin le haghaidh inniúlachtaí comhlachtaí comhionannais. Maidir le cosaint sonraí, tagraítear go follasach i ndlí AE do neamhspleáchas agus sainítear ann a bhfuil ag teastáil ón neamhspleáchas sin. Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a ghlacadh sa bhliain 2016, iarrtar "acmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, áitribh agus bonneagar" atá leordhóthanach a chur ar fáil d'údarais chosanta sonraí.

Tuairim ó FRA 3.4

Ba cheart do Bhallstáit AE na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, na háitribh agus an bonneagar a theastaíonn uathu a leithdháileadh ar chomhlachtaí comhionannais ionas go mbeidh siad in ann a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú go héifeachtach agus go neamhspleách laistigh dá sainordú dlíthiúil.

Lean baill de ghrúpaí mionlaigh eitnigh ar aghaidh ag fulaingt próifiliú eitneach idirdhealaitheach ag na póilíní sa bhliain 2016, rud a tharla i gcomhthráth leis an teannas méadaithe a bhí ann de bharr ionsaithe sceimhlitheoireachta i mBallstáit AE. Tagann an cleachtas sin salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú, ar Airteagal 14 (idirhealú a thoirmeasc) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ar dhlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus ar dhlí príomha agus tánaisteach AE. D'fhéadfaí oiliúint agus faireachán inmheánach a úsáid chun cabhrú le díriú díréireach ar mhionlaigh eitneacha a bhrath agus chun spreagadh a thabhairt do na húdaráis ábhartha bearta ceartaitheacha a dhéanamh.

Tuairim ó FRA 3.5

Ba cheart do Bhallstáit AE deireadh a chur le foirmeacha idirdhealaitheacha de phróifiliú eitneach. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach trí oiliúint chórasach sa dlí in aghaidh idirdhealú a chur ar fáil d'oifigigh forfheidhmithe dlí agus trí chabhrú leo tuiscint níos fearr a ghnóthú ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach agus cur in aghaidh steiréitíopaí agus réamhchlaonta. D'fhéadfaí an oiliúint sin a úsáid freisin chun feasacht a mhéadú ar iarmhairtí an idirdhealaithe agus ar conas a d'fhéadfaí muinín an phobail as na póilíní a mhéadú. De bhreis air sin, d'fhéadfadh Ballstáit AE breithniú a dhéanamh ar thaifid a choinneáil ar úsáid na gcumhachtaí chun stopadh agus cuardach, go háirithe taifid ar eitneacht na ndaoine a n-iarrtar orthu stopadh, i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht AE um chosaint sonraí.



4. Lánpháirtíú na Romach

D'ainneoin na spriocanna uaillmhianacha atá sonraithe sna straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtíú na Romach agus ranníocaíocht shuntasach ó chistí AE, ba bheag dul chun cinn a bhí le tabhairt faoi deara in 2016. Le bliain anuas, is léir ó fhianaise maidir le staid na Romach chomh fada is a bhaineann le fostaíocht, oideachas, tithíocht agus sláinte, go raibh moill ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Chreat AE do Straitéisí Náisiúnta i ndáil le Lánpháirtíú na Romach. Tá idirdhealú agus frithghiofógachas dianseasmhach, agus tá tionchar ag deighilt de facto i dtithíocht agus in oideachas ar go leor Romach go fóill. D'fhéadfadh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, atá molta, ugach nua a thabhairt d'íarrachtaí lánpháirtithe na Romach, má áirítear ann tagairt fhollasach don cheart chun neamh-idirdhealaithe atá ráthaithe ag Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha AE.

Le linn 2016, leanadh le hidirdhealú, deighilt agus eisiámh sóisialta in aghaidh na Romach ar fud AE. Bunaithe ar an easpa dul chun cinn atá déanta ar straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach a chur chun feidhme, is léir go bhfuil gá ann le hathbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar na hidirghabhálacha molta agus beartaithe. Tá gá ann freisin le rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach na Romach a chur chun cinn, go háirithe ar leibhéal áitiúil. Le go n-éireoidh le lánpháirtíú na Romach ar leibhéal áitiúil, tá sé ina bhunriachtanas go nglacfaidh roinnt geallsealbhóirí éagsúla páirt ann. Áirítear leis na geallsealbhóirí sin údarais áitiúla, an tsochaí shibhialta agus ionadaithe ó gach earnáil den phobal áitiúil. Má táthar chun torthaí inláimhsithe ar féidir faireachán a dhéanamh orthu a tháirgeadh i measc an phobail, is gá rannpháirteachas na Romach agus na n-údarás áitiúil ar leibhéal áitiúil a dhéanamh de rannpháirtíocht ar leibhéal náisiúnta.

Tuairim ó FRA 4.1

Ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach (nó ar a sraith beart comhtháite beartais) chun a áirithiú go dtabharfar de chumhacht do na Romaigh iad féin páirt a ghlacadh sa phróiseas um chuimsiú na Romach. Ba cheart do na Ballstáit bheith in ann bearta sonracha a shainiú agus a chur chun feidhme go follasach chun a chinntiú gurb ann do rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach agus fiúntach na Romach, go háirithe ar leibhéal áitiúil.

Léirítear sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le Mionlaigh agus Idirdealú (EU-MIDIS II) ó FRA go rabhtas ag

leanúint sa bhliain 2016 le hidirdhealú a dhéanamh in aghaidh na Romach mar thoradh ar a n-eitneacht. Fulaingíonn siad eisiámh sóisialta agus imeallú, rud a dhéantar níos measa leis an mbochtaineacht. Fulaingíonn siad ó fhuathchoireacht freisin. Níl an chuid is mó de na Romaigh atá ina gcónaí san Aontas Eorpach ag baint leas as an gceart atá acu chun neamh-idirdhealaithe, mar a aithnítear faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas agus faoi ionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile chearta an duine. Cé gurb amhlaidh go gcuirtear toirmeasc ar idirdhealú eitneach leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas agus go gceanglaítear le Cinneadh Réime AE maidir le Ciníochas agus Seineafóibe go ngearrfar pionóis choiriúla ina leith, ní leor na bearta dlíthiúla sin ina n-aonar chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú a dhéantar in aghaidh na Romach. Ní mór na bearta sin a chur le beartais chuimsithe ghníomhaigh chun dul i ngleic leis an neamhionannas ciníochas agus leis an mbochtaineacht a fhuailgíonn na Romaigh go minic.

Tuairim ó FRA 4.2

Ba cheart do Bhallstáit AE forfheidhmiú éifeachtach na Treorach maidir le Comhionannas Ciníochas agus an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a áirithiú chun dul i ngleic leis an idirdhealú marthanach in aghaidh na Romach agus leis an bhFrithghiofógachas. Ba cheart dóibh bearta follasacha beartais a ghlacadh ina straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach nó ina sraith beart comhtháite beartais chun aghaidh a thabhairt ar an bhFrithghiofógachas.



Léirítear sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (EU-MIDIS II) ó FRA go bhfuil an dífhostaíocht ina réimse ina gcruthaítear roinnt leochaileachtaí eile le hidirdhealú in aghaidh na Romach. Áirítear leo sin leochaileachtaí maidir le hioncam, le hoideachas agus le bail tithe. Ní hé amháin go bhfuil daoine dífhostaithe thíos le drochiamhairtí na dífhostaíochta ach téann siad i bhfeidhm ar an teaghlach ar fad chomh maith. Is grúpaí lena mbaineann leochaileacht ar leith iad leanaí Romacha agus mná Romacha mar go bhfuil baol ann go sárófar a gcearta.

Tuairim ó FRA 4.3

Ba cheart don Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh ar lánpháirtíú na Romach a chur ar áireamh sa chomhthéacs de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta beartaithe. Ba cheart forálacha sonracha a dhéanamh sa Cholún d'aghaidh a thabhairt ar riosca an idirdhealaithe struchtúraigh. D'fhéadfaí déanamh amhlaidh trí na forálacha do chóir chomhionann san áit oibre a neartú agus trína áirithiú gur féidir le pobail imeallaithe a gcearta a fheidmiú go héifeachtach, mar shampla.

Teastaíonn sonraí fóna chun an dul chun cinn ar lánpháirtíú na Romach a rianú. Cuimsíonn na sonraí sin sonraí faoi na bearta a rinneadh, faoi na próisis agus faoi na torthaí don phobal. Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh fáil ann ar bhailiú láidir sonraí agus go ndéanfar faireachán fóna ar lánpháirtíú na Romach. Deimhníodh an gá sin sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iníúchóirí na hEorpa ar thionscnaimh bheartais agus tacaíocht airgeadais ón Aontas do lánpháirtíú na Romach. Aimsíodh sa tuarascáil nach é amháin gur fadhb i dtaca le tionscadail í an easpa sonraí cuimsitheacha láidre atá ar fáil ach is fadhb í i dtaca le ceapadh beartais ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta chomh maith. Is amhlaidh, áfach, gurb ann d'uirlisí lena n-éascaítear faireachán fóna agus gur féidir leis na gníomhaithe ábhartha leas a bhaint as na huirlisí sin.

Tuairim ó FRA 4.4

I gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta, le reachtaíocht AE um chosaint sonraí agus le rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach na bpobal Romach, ba cheart do Bhallstáit AE bailiú a dhéanamh ar shonraí nach bhfuil ainmneacha luaite iontu agus atá dí-chomhbhailithe de réir féiniúlacht eitneach, rud lena n-éascafaí measúnú ar na Straitéisí Náisiúnta um Lánpháirtíú na Romach agus ar bheartais um chuimsiú na Romach. D'fhéadfadh Eurostat ceisteanna ábhartha a chur ar áireamh i suirbhéanna mórsála, amhail an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair agus Staidreamh AE maidir le hioncam agus Dálaí Maireachtála, rud a bheadh ag teacht leis an moladh ó Chúirt Iníúchóirí na hEorpa. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar uirlisí faireacháin le haghaidh straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach nó uirlisí atá ann cheana a úsáid chun tionchar na mbeart um lánpháirtíú na Romach a mheasúnú.



5. Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

Fuair breis is 5 000 duine bás agus iad ag dul trasna na farraige i dtreo na hEorpa in 2016, cé gur laghdaíodh an líon a bhí teacht isteach neamhdhleathach ar farraige le breis is 60 % ó 2015, líon a bhí cothrom le 350 000 in 2016. Moladh athruithe móra a dhéanamh ar an gcóras tearmainn Eorpach, agus cuireadh dlús faoi na hiarrachtaí a raibh sé mar aidhm leo éifeachtúlacht beartas um fhilleadh a fheabhsú. Bhí na bealaí dlíthiúla teacht ar shábháilteacht san Eoraip meabhlach i gcás fhorhmór na n-imirceach, de bhrí gur fhritháirigh na srianta nua ar athaontú teaghlaigh i roinnt Ballstát AE an méid beag dul chun cinn a rinneadh chomh fada is a bhaineann le ligean isteach ar fhoras daonnúil. Treisíodh córais teicneolaíochta faisnéise chun imirce neamhrialta a chomhrac ar bhealach níos fearr agus chun freagairt do bhagairtí de choireacht thromchúiseach. Idir an dá linn, bhain dúshlán leis an líon suntasach daoine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh a lánpháirtiú, an comhthéacs oideachais san áireamh.

Rinne institiúidí agus Ballstáit AE iarrachtaí suntasacha sa bhliain 2016 chun córais bhreise faisnéise a fhorbairt le haghaidh bainistíocht imirce agus slándáil inmheánach. Modhnaíodh córais a bhí ann cheana agus moladh córais nua. Is é an plean don todhchaí a chinntiú go mbeidh córais den sórt sin “idir-inoibritheach”. Leis sin, chuirfí ar chumas na n-údarás inniúil roinnt córas a rochtain ag an aon am amháin. I ndoiciméad a fhoilseoidh FRA ar ball maidir le hidir-inoibritheacht chórais faisnéise AE, pléifear na hábhair imní ghaolmhara faoi chearta bunúsacha. I roinnt mhaith cásanna, ní féidir an tionchar atá ag córais faisnéise ar chearta bunúsacha a aithint láithreach. D’fhéadfadh go rachadh na blianta thart sula rachadh stóráil sonraí pearsanta míchearta i bhfeidhm ar dhuine, mar shampla nuair atá sé/sí ag déanamh iarratas ar víosa nó ar chead cónaithe. Caighdeán lánach nuair atáthar ag forbairt réitigh theicniúla chun idir-inoibritheacht idir córais faisnéise a fheabhsú is ea Airteagal 8 (sonraí pearsanta a chosaint) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe an prionsabal um theorannú cuspóra atá istigh ann (i.e. nach n-úsáidfear sonraí ach le haghaidh an chuspóra a bailíodh iad). Dá bhrí sin, ba cheart measúnú tionchair cuimsitheach ar chearta bunúsacha a dhéanamh ar gach beart a dhéantar chun córais faisnéise atá ann cheana a fheabhsú agus córais faisnéise nua a chruthú.

Tuairim ó FRA 5.1

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit a áirithiú go ndearfar na córais faisnéise um bainistíocht imirce ar bhealach nach bhféadfaidh na hoifigigh a láimhseálann na sonraí istigh ann rochtain a fháil ar shonraí ach de réir a bpróifíli oibre. Níor cheart d’oifigigh rochtain a bheith acu ach ar na sonraí atá ábhartha do na cúraimí sonracha atá siad ag comhlíonadh um an dtaca sin agus ba cheart dóibh bheith láneolach ar cé na bunachair sonraí a bhfuil siad ag breathnú orthu. Ós rud é gurb é an toradh atá ar idir-inoibritheacht go bhfuil rochtain níos éasca ann ar níos mó sonraí, lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha, ba cheart do na Ballstáit caighdeáin cháilíochta agus nósanna imeachta riaracháin a fhorbairt chun cruinneas na sonraí a chinntiú agus chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go gcomhroinnfí sonraí le tríú páirtithe nó le tríú tíortha gan chead. Ina theannta sin, ba cheart dóibh coimircí sonracha a thabhairt isteach chun a chinntiú nach mbeidh idir-inoibritheacht ina cúis le drochiarmhairtí ar chearta daoine leochaileacha amhail iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus leanaí agus nach mbeidh sí ina cúis le próifíliú idirdhealaitheach.

Le hAirteagal 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le dlí tánaisteach AE i réimse an tearmainn agus an fhille, ceanglaítear ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh i ngach cás aonair ar a fheidhmiúla atá bearta níos trócaíri sula dtéann siad i muinín cailleadh saoirse. Faoi dheireadh na bliana 2016, rinne na Ballstáit uile AE foráil ina ndlíthe náisiúnta do roghanna eile in ionad coinneáil, cé nár bhain an méid sin le catagóirí áirithe amháin i roinnt cásanna. Fiú amháin i gcás go gcuirtear roghanna eile in ionad coinneáil ar áireamh sa reachtaíocht náisiúnta, níl aon chinnteacht ann fós go gcuirfead na roghanna sin i bhfeidhm. I ndáiríre, ní bhaintear ach beagán leasa as na roghanna eile.

Tuairim ó FRA 5.2

Ba cheart do Bhallstáit AE ceangal a chur ar na húdaráis fhreagracha a scrúdú i ngach cás aonair cé acu a bheifí nó nach mbeifí in ann cuspóir dlísteanaigh a bhaint amach trí bhearta níos scaoilte a dhéanamh sula n-eiseodh siad ordú coinneála. Mura mbeifí in ann déanamh amhlaidh, ba cheart do na húdaráis cúiseanna a thabhairt leis maidir le fíoras agus le dlí.

Ní raibh fáil ag an gcuid is mó de dhídeanaithe fós ar dhóigheanna dlíthiúla le sábháilteacht a shroicheadh. Rinneadh roinnt dul chun cinn ar athlonnú sa bhliain 2016. Mar sin féin, cealaíodh é sin go pointe éigin le céim ar gcúl maidir le hathaontú teaghlaigh mar gur thug roinnt Bhallstáit AE srianta isteach ina ndlíthe náisiúnta. In aon ghníomh a dhéanann Ballstát, ag gníomhú dó faoi chuimsiú dhlí AE, ní mór urraim a thabhairt do chearta agus prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena gcuimhítear in Airteagal 7 an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh. I gcás dídeanaithe agus daoine a ndéanfaítear cosaint choimhdeach dóibh, is féidir glacadh leis go ginearálta go gcuirtear cosc ar theaghlaigh cónaí ina dtír dhúchais de dheasca bacainní nach féidir a sháru agus nach mbítear in ann de ghnáth saol an teaghlaigh a bhunú i dtír idirthurais.

Tuairim ó FRA 5.3

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar scéimeanna atá bainteach le dídeanaithe agus scéimeanna soghluaisteacha rialta atá níos tacúla le dídeanaithe a úsáid i dteannta a chéile ar mhaithe le bealaí dlíthiúla chuig AE a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba cheart dóibh gan reachtaíocht a ghlacadh lena gcuirfí bac, cosc nó moill shuntasach ar athaontú teaghlaigh do dhaoine a ndéanfaítear cosaint idirnáisiúnta dóibh.

Ba cheart don Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh ar athaontú teaghlaigh do dhaoine a bhfuil stádas cosanta coimhdí acu a rialáil chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha difriúla cur chuige a ghlacann na Ballstáit.

Mórfhreagracht atá ar Bhallstáit AE is ea seasamh leis an gceart chun oideachais atá ag gach leanbh i ngluaiseacht leantach na dteaghlach is imircigh agus na dteaghlach is dídeanaithe in AE. Is le hAirteagal 14 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 28 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a ráthaítear an ceart chun oideachais atá ag gach leanbh, lena n-áirítear leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe. Ní hé amháin go dtéann sé chun tairbhe do na leanaí iad féin nuair a chinntítear go mbaineann gach leanbh leas as a gceart chun oideachais, téann sé chun tairbhe don tsochaí a bhfuil siad ina gcónaí inti freisin. Leagann sé sin béim ar an bhfíric go bhfuil sé tábhachtach agus tairbhiúil don gheilleagar agus don tsochaí ar fad go n-infheistítear i gcearta an duine. Is féidir a fheiceáil ón mbliain 2016 gur chuir formhór na mBallstát tacaíocht teanga ar fáil agus go bhféachann siad le leanaí is dídeanaithe agus leanaí is imircigh a chomhtháthú i ngnáthranganna, rud lena dtugtar deis dóibh sóisialú le leanaí eile agus lena n-infheistítear i gcomhtháthú sóisialta inbhuanaithe fadtéarmach. Is ró-ard fós atá an leibhéal scartha agus leithscartha atá ann i scoileanna, áfach.



Tuairim ó FRA 5.4

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go dtabharfar tacaíocht éifeachtach do leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe trí thacaíocht theangeolaíoch, shóisialta agus shíceolaíoch a chur ar fáil atá bunaithe ar mheasúnuithe aonair ar a gcuid riachtanas. D'ullmhódh sé sin iad le haghaidh freastal ar scoil agus imeascadh go rathúil san oideachas agus sa phobal áitiúil. Ba cheart beartais agus bearta a bheith i bhfeidhm chun scolaíocht scartha agus leithscaradh a sheachaint agus chun cur chun cinn a dhéanamh ar an rochtain atá ag leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe ar ghnáthranganna agus ar an gcóras oideachais phríomhshrutha.

Léirítear i bhfianaise ó FRA gur chuir an chuid is mó de Bhallstáit AE dlús sa bhliain 2016 lena gcuid iarrachtaí leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe a chomhtháthú san oideachas agus tacú leo imeascadh. I líon an-bheag cásanna, áfach, is ann do leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe nach bhfreastalaíonn ar scoil fós. Ina theannta sin, freagraíonn roinnt pobail áitiúla agus tuismitheoirí leanaí dúchasacha go diúltach agus, i gcásanna áirithe, go foréigneach don smaoinemh go bhfreastalódh leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe ar scoil le leanaí eile. Is sárú ar reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta in aghaidh idirdhealú agus fuatha atá i léirithe éadulaingthe agus fuatha i dtaobh leanaí is imircigh, leanaí is dídeanaithe agus a dteaghlach i gcás go gcailleann leanaí an ceart chun oideachais atá acu dá bharr sin. Dá dtabharfaí aghaidh ar na hábhair inní atá ag tuismitheoirí, d'fhéadfadh go dtacófaí le lánpháirtíú agus go gcuirfí rannpháirtíocht na n-imirceach agus na ndéanaithe i bpobail áitiúla chun cinn.

Tuairim ó FRA 5.5

Ba cheart do Bhallstáit AE aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar fhreagairtí idirdhealaitheacha nó foréigneacha d'oideachas a chur ar leanaí is imircigh agus leanaí is dídeanaithe. Ba cheart dóibh déanamh amhlaidh trí fhorfheidhmiú an dlí agus trí chomhthuiscint agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart dóibh bearta dearfacha a chur i bhfeidhm le haghaidh réamhchlaontaí a chomhrac agus ábhair inní nach bhfuil bunús leo a dhíothú. Ina theannta sin, ba cheart d'údarais na mBallstát forfheidhmiú a dhéanamh ar na dlíthe agus na rialacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit uile AE in aghaidh idirdhealaithe agus fuathchoireachta ar fhoras ar bith, lena n-áirítear tionscnamh eitneach, cine agus reiligiún.

Cuid rithábhachtach den phróiseas oideachais agus imeasctha is ea páirt a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlach na leanaí i saol na scoile agus tacú lena gcuid iarrachtaí páirt a ghlacadh ann. Is amhlaidh go soláthraíonn trian amháin de Bhallstáit AE bearta chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlach na leanaí is imircigh agus na leanaí is dídeanaithe trí pháirt a thabhairt dóibh sa phróiseas oideachais trí bhithin faisnéise, idirghabhála agus tacaíocht teanga. Dá ndéanfaí na bearta sin, d'fhéadfadh go bhfeabhsófaí feidhmíocht na leanaí ar scoil agus imeascadh na leanaí agus a dteaghlach san oideachas agus ina bpobal áitiúil agus go gcothófaí caidreamh pobail níos fearr. Maidir leis an Líonra na Lánpháirtíú na hEorpa, ar uasghrádaíodh a stádas trí Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh um Lánpháirtíú a seoladh i mí an Mheithimh 2016, is creat agus fóram leordhóthanach é le haghaidh dea-chleachtais agus réitigh a chomhroinnt ionas go mbeidh na Ballstáit in ann a n-oibleagáidí um chearta an duine a chomhlíonadh agus infheistiúocht rathúil a dhéanamh i sochaithe atá níos comhtháite agus níos cuimsithí.

Tuairim ó FRA 5.6

Ba cheart do Bhallstáit AE dea-chleachtais agus eispéiris lánpháirtithe a chomhroinnt trí oideachas a chur ar fáil, trí rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach leanaí i saol na scoile a chur chun cinn agus trína áirithiú go gcomhlíonfar an ceart chun oideachais do gach leanbh.

6. An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

Threisigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla i rith na bliana sa Bhruiséil, in Nice agus i mBeirlín, na díospóireachtaí maidir le bealaí éifeachtacha chun sceimhlitheoireacht a chomhrac i gcomhréir le smacht reachta. Cuireadh roinnt céimeanna i gcrích sa chomhthéacs seo, ag leibhéal AE agus náisiúnta. Áirítear ina measc athchóirithe náisiúnta maidir le bearta faireachais, comhairliúcháin maidir le criptiú agus glacadh leis an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR). San am céanna, b'ionann glacadh leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an Treoir um Chosaint Sonraí do phóilíní agus d'earnáil an cheartais choiriúil (Treoir na bPóilíní) agus céim rithábhachtach i dtreo réimis um chosaint sonraí níos éifeachtaí. In 2016, níor mhol AE reachtaíocht athbhreithnithe mar fhreagairt ar neamhbhailíochtú níos túisce na Treorach um Choinneáil Sonraí, déanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), ach rinneadh tuilleadh soiléirithe i gcásdlí nua CBAE ar an mbealach is féidir le coinneáil sonraí ceanglais um chearta bunúsacha a chomhlíonadh.

Léirítear i bhfianaise ó FRA, ina gcuirtear leis an taighde ar chosaint na gceart bunúsach i gcomhthéacs faireachas mórsála a rinneadh ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, léirítear inti go ndearna roinnt Bhallstáit AE athchóiriú ar a gcreataí dlíthiúla maidir le bailiú faisnéise le linn na bliana. Ba i bhfianaise rabharta ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh na hathruithe sin agus cuireadh le cumhachtaí agus le hinniúlachtaí teicneolaíochta na n-údarás iomchuí dá mbarr. D'fhéadfadh go méadófaí cumhachtaí ionsáite na n-údarás sin mar gheall ar na hathruithe freisin $\frac{3}{4}$ rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta bunúsacha a bhaineann le príobháideacht agus le cosaint sonraí pearsanta. Cuireann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine treoir rithábhachtach ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun na cearta sin a chosaint. Áirítear iad seo a leanas leis na coimircí dlíthiúla atá i gceist: ráthaíochtaí substainteacha agus nós imeachta maidir le riachtanas agus comhréireacht birt; maoirseacht neamhspleách agus sásraí sásaimh éifeachtacha; agus rialacha maidir le fianaise a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil faireachas á dhéanamh ar dhuine aonair. Is féidir comhairliúcháin leathana a úsáid chun cabhrú lena áirithiú go bhforálfar le hathchóirithe ar an dlí faisnéise d'fheidhmiú níos éifeachtaí agus níos dlísteanaí seirbhísí faisnéise agus go mbeidh saoránaigh i bhfách leis na hathchóirithe lena mbaineann.

Tuairim ó FRA 6.1

Ba cheart do Bhallstáit AE tabhairt faoi chomhairliúcháin leathan poiblí le raon iomlán geallsealbhóirí, trédhearcacht a áirithiú sa phróiseas reachtach, agus caighdeán agus coimircí iomchuí idirnáisiúnta agus Eorpacha a chur ar áireamh le linn dóibh athchóirithe a dhéanamh ar a reachtaíocht um fhaireachas.

B'fhéidir go mbeadh criptiú ar an teicníc is sorochtana maidir le príobháideacht a mhéadú. Aithnítear é sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus sa Treoir um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach araon mar mhodh éifeachtach chun slánphróiseáil sonraí a áirithiú. Mar sin féin, úsáidtear an chosaint a ghabhann le criptiú chun críocha neamhdhleathacha agus coiriúla freisin. Cuireann an leathadh seirbhísí lena soláthraítear criptiú ó cheann ceann arís eile leis an teannas idir príobháideacht a áirithiú agus an choireacht a chomhrac toisc, mar gheall ar a ndearadh, gurb é an toradh atá ar na seirbhísí sin go gcuirtear cosc nó bac ar údarais forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí criptithe. Chun an dúshlán sin a sháru, tá roinnt Ballstát ag smaoinéamh anois faoi reachtaíocht a achtú lena gceanglófaí ar sholáthraithe seirbhísí cúldoirse ionsuite criptiúcháin a chur ar fáil, rud lena gcumasófaí do sheirbhísí forfheidhmithe dlí agus do rúnseirbhísí rochtain a fháil ar aon sonraí criptithe ach í a iarraidh. Tá reachtaíocht den sórt



sin achtaithe ag roinnt Ballstát cheana féin. Faoi mar atá tugtha faoi deara ag a lán daoine, áfach, tá baol ann go lagófar criptiú i gcoitinne mar gheall ar chúldoirse ionsuite den sórt sin toisc gur féidir le haon duine ag a bhfuil sách saineolais theicniúil na cúldoirse sin a aimsiú agus mí-úsáid a bhaint astu. D'fhéadfadh nochtadh den sórt sin bheith contrártha do riachtanais chosanta sonraí agus d'fhéadfadh sé difear neamh-idirdhealaitheach a dhéanamh do shlándáil cumarsáidí agus sonraí stóráilte de chuid stát, gnólachtaí agus daoine aonair.

Tuairim ó FRA 6.2

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh na bearta a dhéanfar chun dúshlán an chriptiúcháin a sháru comhréireach leis an aidhm dhlísteanaigh atá ann chun an choireacht a chomhrac agus nach gcuirfidh siad isteach gan údar ar na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí.

Sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a thiocfaidh i bhfeidhm sa bhliain 2018, leagtar síos caighdeáin fheabhsaithe le haghaidh sonraí pearsanta a chosaint ar bhealach éifeachtach leordhóthanach. Dá bharr sin, is tábhachtaí fós a bheidh ról na n-údarás cosanta sonraí maidir leis an gceart chun cosaint sonraí a chothú. Ní mór na caighdeáin fheabhsaithe a leagtar amach sa rialachán a urramú in aon ghníomh dlí nua a thabharfar isteach i réimse na cosanta sonraí. Mar shampla, ghlac AE cinneadh leordhóthanachta sa bhliain 2016 chun críche aistriúcháin sonraí idirnáisiúnta. Ba é Sciath Phríobháideachais AE-SAM an cinneadh sin. Luaitear go follasach sa chinneadh sin go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú rialta ar cé acu atá nó nach bhfuil na dálaí le haghaidh leordhóthanachta fós á gcinntiú. Má tharlaíonn sé nach dtagtar ar chonclúid chinnte i measúnú den sórt sin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, dearbhaítear sa chinneadh go bhféadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear an Sciath Phríobháideachais ar fionraí. Ina theannta sin, ghlac AE reachtaíocht um chibearshlándáil den chéad uair riamh sa bhliain 2016, ba é sin, an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhthéacs na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach, Rialachán maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach a mholadh go luath sa bhliain 2017 lena chur in ionad na Treorach um Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach.

Tuairim ó FRA 6.3

Ba cheart do Bhallstáit AE an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise a thrasú ina gcreataí dlíthiúla náisiúnta ar bhealach ina dtabharfar aird ar Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba cheart do na Ballstáit agus do chuideachtaí gníomhú i gcomhréir leis na caighdeáin sin freisin le linn dóibh sonraí pearsanta atá bunaithe ar Sciath Phríobháideachais AE-SAM a phróiseáil nó a aistriú.

Cé gur díriodh sa bhliain 2014 ar an gceist maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart sonraí a choinneáil, bhí sé soiléir sa bhliain 2015 go bhféachann na Ballstáit ar choinneáil sonraí mar bheart éifeachtúil trínar féidir slándáil náisiúnta agus sábháilteacht phoiblí a chosaint agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Is beag dul chun cinn a rinneadh ar an tsaincheist sin sa bhliain 2016. Cé nár mhol AE aon reachtaíocht leasaithe mar fhreagairt do neamhbhailíochtú na Treorach maidir le Coinneáil Sonraí 2 bhliain roimhe sin, d'fhorbair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a cásdlí maidir leis na coimircí ceart bunúsach a theastaíonn le haghaidh dlíthiúlacht na coinneála sonraí ag soláthraithe teileachumarsáide.

Tuairim ó FRA 6.4

Ba cheart do Bhallstáit AE, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcreataí náisiúnta um chosaint sonraí, a áirithiú nach bhfuil sonraí á gcoinneáil ag soláthraithe cumarsáide ar bhealach ghinearálta neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart dianseiceálacha comhréireachta agus coimircí nós imeachta cuí a chur ar áireamh sa dlí náisiúnta ionas go gcinnteofar go héifeachtach na cearta chun príobháideachta agus na cearta chun cosaint sonraí pearsanta.

Dhiúltaigh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Pharlaimint na hEorpa don togra le haghaidh Treoir AE maidir le Sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí i mí Aibreáin 2013 mar gheall ar na hábhair imní a bhí aige faoi chomhréireacht na Treorach agus faoin ngá a bhí léi agus faoin easpa trédhearcachta agus coimircí cosanta sonraí i leith paisinéirí. Agus béim á leagan ar an ngá atá ann leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, chomhaontaigh reachtas AE Treoir athbhreithnithe AE maidir le Sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí sa bhliain 2016. Ghlac sé an téacs sa bhliain sin freisin. Ní mór do na Ballstáit an treoir a thrasú sa

dlí náisiúnta faoi mhí na Bealtaine 2018. Áirítear leis an téacs a glacadh coimircí feabhsaithe atá ag teacht leis na moltaí a rinne FRA sa Tuairim uaidh sa bhliain 2011 maidir leis an gcóras bailithe sonraí faoi Threoir AE maidir le Sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí. Ina measc tá ceanglais, inrochtaineacht agus comhréireacht fheabhsaithe, mar aon le tuilleadh coimircí cosanta sonraí. Is ann do ghnéithe áirithe de chosaint ceart bunúsach nach gcumhdaítear leis an Treoir, áfach.

Tuairim ó FRA 6.5

Ba cheart do Bhallstáit AE coimircí cosanta sonraí a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm ó thaobh ceart bunúsach de. Baineann sé sin le trasuí Threoir AE maidir le Sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí freisin. I bhfianaise an chásdlí atá bunaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí, ba cheart aghaidh a thabhairt sna coimircí ar an údar atá le sonraí Taifead Ainmneacha Paisinéirí a choinneáil, ar leigheasanna éifeachtacha agus ar mhaoirseacht neamhspleách.



7. Cearta an linbh

Tá beagnach 27 % de na leanaí in AE i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Bíodh is go bhfuil feabhas beag le tabhairt faoi deara i gcomparáid leis na blianta roimhe seo, ní féidir spriocanna AE 2020 a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go mbeadh ról lárnach ag Colún Ceart Sóisialta AE i ndéileáil le bochtaineacht leanaí. Táthar ag súil go mbeidh feabhas ar chórais ceartais don aos óg agus go mbeidh coimircí breise do leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí, mar thoradh ar ghlacadh le treoir maidir le coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi amhras maidir le coireacht nó a bhfuil coireacht curtha ina leith. Idir an dá linn, lean na mílte leanbh imircigh agus iarrthóir tearmainn ag taisteal leo féin nó lena dteaghlaigh, ag filleadh ar an Eoraip in 2016. D'ainneoin iarrachtaí ag Ballstáit AE, dúshlán suntasach ba ea cúram agus cosaint a sholáthar do na leanaí seo. Bhí lochtanna sna coinníollacha fáiltithe dianseasmhach, agus leanadh le coimircí nós imeachta a chur chun feidhme go neamhréireach, agus ní raibh ach ról teoranta ag cúram altrama, agus is minic nach raibh córais chaomhnóireachta oiriúnach. Leag na réaltachtaí seo béim ar an tábhacht a bhain le plean nua maidir le leanaí ar imirce a chur in áit Phlean Gníomhaíochta éagtha AE maidir le leanaí neamhthionlactha.

Agus é cothrom le beagnach 27 %, tá ardchéatadán de leanaí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta le sonrú san Aontas Eorpach go fóill. Toisc gurb ionann an figiúr sin agus meánfhiúir AE, tá an céatadán sin níos airde i mBallstáit áirithe agus i measc grúpaí áirithe, amhail leanaí Romacha nó leanaí de thionscnamh imirceach. Dá bhrí sin, táthar fós i bhfad ar shiúl ón sprioc maidir le laghdú na bochtaineachta a leagtar síos sa straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Ceanglaítear le hAirteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go mbeidh “ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail”. Ina ainneoin sin, is beag béim a chuir institiúidí AE agus na Ballstáit ar an mbochtaineacht leanaí agus ar an eisiaimh shóisialta sa Seimeastar Eorpach. Tá roinnt tionscnamh déanta ag AE lena bhféadfaí bearta reachtacha, beartais agus airgeadais na mBallstát a neartú, lena áiríodh an moladh ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2013 maidir le “Infheistiú i Leanaí: Timthriall an Mhíbhuntáiste a Bhriseadh”, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 2017-2020 agus glacadh Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, rud atá dírithe ar leanaí.

Tuairim ó FRA 7.1

Ba cheart don Aontas Eorpach tuilleadh béime a leagan ar dhul i ngleic go cuimsitheach leis an mbochtaineacht leanaí agus leis an eisiaimh shóisialta sa Seimeastar Eorpach, agus leas níos fearr á bhaint as an moladh ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2013. Ba cheart dó déanamh amhlaidh i dtionscnaimh atá le teacht freisin, Colún Eorpach na gCearta Sóisialta ina measc. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí aird a tharraingt sa Seimeastar Eorpach ar na Ballstáit sin AE ina bhfuil ardrátaí bochtaineachta leanaí go fóill agus ina bhfuil siad gan athrú le blianta beaga anuas.

Le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, d'fhéadfadh Ballstáit AE anailís a dhéanamh ar na tosca ratha i ndlí agus i mbeartais eacnamaíocha agus shóisialta na mBallstát sin ina bhfuil feabhas tagtha ar staid na leanaí agus a dteaghlaigh le blianta beaga anuas. D'fhéadfadh siad na tosca sin a mhacasamhlú nuair is cui freisin.

Bunspríoc thábhachtach i réimse an cheartais atá riachtanach agus a bhíonn conspóideach go minic is ea an Treoir maidir le coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla. Tarraingítear aird sa taighde reatha, agus i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus na gcúirteanna

náisiúnta araon, ar an ngá atá ann le bearta cosanta speisialta do leanaí atá i gcoimhlínt leis an dlí. Léirítear i dtaighde ó FRA maidir le leanaí agus an ceartas go bhfuil an creat dlíthiúil a theastaíonn chun leanaí a chosaint i bhfeidhm i bhformhór na gcásanna. Léirítear freisin, áfach, go bhfuil sé deacair fós reachtaíocht den sórt sin a chur chun feidhme i ndáiríre. Is amhlaidh sin den chuid is mó mar gheall ar an easpa uirlisí praiticiúla, an easpa treorach agus an easpa oiliúna atá ar fáil do ghairmithe.

Tuairim ó FRA 7.2

Ba cheart do Bhallstáit AE tabhairt faoi athbhreithniú náisiúnta chun an cleachtas reatha agus bacainní, bearnaí nó laigí ina gcórais cheartais ógánach féin a shainaithint. Ba cheart plean gníomhaíochta a cheapadh tar éis an athbhreithnithe náisiúnta sin, rud ina saineofar bearta beartais agus na hacmhainní a theastaíonn le haghaidh chur chun feidhme iomlán na Treorach maidir le coimirce nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí oiliúint a chur ar ghníomhaithe breithiúnacha nó d'fhéadfaí treoirlínte praiticiúla a ullmhú le haghaidh measúnuithe aonair agus le haghaidh eolas a thabhairt do leanaí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois.

Lean leanaí is imircigh agus leanaí is iarrthóirí tearmainn leis an Eoraip a shroicheadh le linn na bliana 2016, agus iad ag teacht leo féin nó in éineacht lena dteaghlach. Beag beann ar na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit, léirítear san fhianaise ar bhailigh FRA í go bhfuil laigí soiléire ann sa chóras glactha le haghaidh leanaí gan tionlacan, amhail an easpa saorsáidí atá ar fáil agus saorsáidí glactha tosaigh agus idirthurais a bheith plódaithe nó neamhleordhóthanach. Ina lán cásanna, ní bhaintear leas as an rogha atá ann chun leanaí gan tionlacan a shocrú le teaghlaigh altrama. Tugtar le fios san fhianaise go bhfuil sé riachtanach go soláthrófar dálaí leordhóthanacha glactha má táthar chun gáinneáil ar leanaí nó dúshaothrú leanaí a chosc nó má táthar chun deireadh a chur le cásanna ina dtéann leanaí ar iarraidh. Chuir an Coimisiún Eorpach roinnt tograí i láthair chun an Comhchóras Tearmainn Eorpach

a athchóiriú. Níor athnuadh an Plean Gníomhaíochta um Mionaoisigh gan Tionlacan 2011-2014, áfach.

Tuairim ó FRA 7.3

Ba cheart don Aontas Eorpach forbairt a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta AE um leanaí san imirce, rud ina gcumhdófar leanaí gan tionlacan agus ina leagfar síos tosaíochtaí agus bearta soiléire beartais chun na tionscnaimh atá ar bun ag Ballstáit AE a chomhlánú.

Ba cheart do Bhallstáit AE a gcórais chosanta leanaí a neartú trí chaighdeáin náisiúnta um chúram malartach a chur i bhfeidhm do leanaí is iarrthóirí tearmainn agus do leanaí is inimircigh, agus béim á cur ar cháilíocht an chúraim. Ba cheart leanaí gan tionlacan a shocrú le teaghlaigh altrama mar chuid den obair sin, faoi mar a fhorordaítear sa Treoir maidir le Coinniollacha Glactha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit sách acmhainní a leithdháileadh ar na seirbhísí bardasacha a thugann tacaíocht do leanaí gan tionlacan.

Tá sé dúshlánach go fóill caomhnóir a cheapadh do gach leanbh gan tionlacan, faoi mar a léirítear san fhianaise ar bhailigh FRA í. Is leis na nithe seo a leanas a bhaineann na príomhfhadhbanna: nósanna imeachta agus amlínte fada ceapacháin; deacrachtaí i ndáil le caomhnóirí cáilithe a cheapadh; an t-ardlín leanaí a bhíonn á sannadh chuig gach caomhnóir aonair; agus an easpa neamhspleáchais agus ráthaíochtaí neamhchlaontachta atá ann i measc institiúidí caomhnóireachta i roinnt Bhallstáit AE. Ar áireamh sa togra ón gCoimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Coinniollacha Glactha tá feabhsuithe a chur ar chórais chaomhnóireachta do leanaí gan tionlacan. Ceanglaítear leis an togra sin go gceapfar caomhnóirí a bheidh freagrach as gníomhú chun leas an linbh i ngach gné de shaol an linbh, agus ní as ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh don leanbh amháin. I gcodarsnacht leis sin, níl sé ina cheanglas ach "ionadaí dlíthiúil" amháin a cheapadh i gcomhréir leis na tograí le haghaidh Rialachán athbhreithnithe Bhaile Átha Cliath agus le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn. Ní cheanglaítear le ceachtar díobh go gceapfar "caomhnóir".

Tuairim ó FRA 7.4

Ba cheart do reachtóir AE coincheap comhleanúnach um chórais chaomhnóireachta a chur ar aghaidh, ar chórais iad a mbeidh ról soiléir acu i leasanna leanaí gan tionlacan a chosaint i ngach gné dá saol.

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú gur ag córais chosanta leanaí agus ag údaráis chaomhnóireachta a bheidh ról méadaithe i nósanna imeachta tearmainn agus imirce a bhaineann le leanaí. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais chaomhnóireachta a fhorbairt nó a neartú agus na hacmhainní riachtanacha a leithdháileadh orthu. Ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar líon dóthanach caomhnóirí cáilithe neamhspleácha a cheapadh go pras do gach leanbh gan tionlacan. Ar deireadh, d'fhéadfadh siad breithniú a dhéanamh ar leas a bhaint as cleachtais a bhfuil gealladh fúthu agus as an taighde agus as na lámhleabhair atá ann cheana – amhail an Lámhleabhar comhpháirteach maidir le caomhnóireacht do leanaí gan cúram tuismitheora ón gCoimisiún Eorpach agus ó FRA – chun tacú leis an bpróiseas sin.

8. Rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta

Chuaigh an tAontas Eorpach agus gníomhaithe idirnáisiúnta eile i ngleic le dúshlán éagsúla a bhain le smacht reachta agus ceartas i rith na bliana. Threisigh roinnt Ballstát AE cearta daoine amhrasta nó ciontaithe maidir le coir chun dlí tánaisteach ábhartha AE a chur chun feidhme, agus ghlac an tAontas Eorpach le treoracha nua a bhunaigh breis coimircí. Chomh maith sin, rinne a lán Ballstát iarrachtaí cur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach um Chearta Íospartach a fheabhsú ionas go mbeadh athruithe chun feabhais á ndéanamh d'íospartaigh coireachta, na seirbhísí tacaíochta san áireamh. Shínigh na trí Bhallstát dheireanacha AE – an Bhulgáir, Poblacht na Seice agus an Laitvia – Coinbhinsiún Iostanbúl in 2016, gníomh a leag béim ar a thábhachtaí is a bhí sé go nglacfaidh gach Ballstát AE leis an gcoinbhinsiún mar áis a raibh caighdeán Eorpacha maidir le cosaint chearta an duine chomh fada is a bhain le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, á sainmhíniú inti. San am céanna, lean an coinbhinsiún le tionscnaimh reachtacha ilchineálacha a spreagadh ag leibhéal na mBallstát.

Sa bhliain 2016, lean AE agus gníomhaithe idirnáisiúnta eile le dul i ngleic le dúshlán leanúnach i réimse an cheartais agus, go háirithe, sa smacht reachta. Tá an smacht reachta mar chuid de na luachanna uile a liostaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a chosaint. Tá sé ina réamhriachtanas do gach ceann de na luachanna sin freisin. Mar gheall ar fhorbairtí sa Pholainn a cuireadh i leith an smachta reachta agus na gceart bunúsach, spreagadh an Coimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar an staid i mBallstát den chéad uair riamh bunaithe ar a Chreat um an Smacht Reachta. Eisíodh tuairim fhoirmiúil ar an ábhar tar éis an mheasúnaithe. Ina dhiaidh sin, eisíodh moltaí ar an dóigh ar cheart don tír aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní a tugadh faoi deara ó thaobh an smachta reachta de. Tar éis do rialtas na Polainne diúltú do na moltaí sin, d'éisigh an Coimisiún Eorpach moltaí comhlántacha inar tugadh aird ar na forbairtí is déanaí sa Pholainn.

Tuairim ó FRA 8.1

Is gá do gach gníomhaí ábhartha ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear rialtais, parlaimintí agus na breithiúna, borradh a chur faoina gcuid iarrachtaí chun an smacht reachta a fhorfheidhmiú agus a threisiú. Tá freagracht orthu go léir as aghaidh a thabhairt ar ábhair inní ó thaobh an smachta reachta de agus tá ról tábhachtach le himirt acu go léir i lagú an smachta reachta a chosc. Moltar do ghníomhaithe AE agus do ghníomhaithe idirnáisiúnta araon iarracht mhéadaithe a dhéanamh chun critéir chomparáideacha oibiachtúla (amhail táscairí) agus measúnuithe comhthéacsúla a fhorbairt. Ba cheart don Pholainn breithniú a dhéanamh ar an gcomhairle ó shásraí faireacháin Eorpacha agus idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear na moltaí a d'éisigh an Coimisiún mar chuid dá Chreat um an Smacht Reachta.

Fiú amháin tar éis na spriocdhátaí le haghaidh thrasú na dtreoracha, lean a lán Bhallstáit AE le leasuithe reachtacha a mholadh ionas go bhféadfadh siad cloí le ceanglais Threoir 2010/64/AE agus Threoir 2012/13/AE. Pléitear sna Treoracha sin leis an gceart chun aistriúcháin agus ateangaireachta agus leis an gceart chun faisnéis a fháil in imeachtaí coiriúla faoi seach. Ina theannta sin, ghlac na Ballstáit dlíthe



nua chun Treoir 2013/48/AE maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir a thrasuí. Mar sin féin, léirítear san fhianaise ar bhailigh FRA í sa bhliain 2016 go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh ag Ballstáit AE i leith na dtreoracha sin go fóill, go háirithe maidir le bearta beartais a ghlacadh, amhail treoir agus oiliúint nithiúil a chur ar fáil ar na cearta atá ag daoine a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith a chosaint. Tá acmhainneacht neamshaothraithe ann chun eolas, dea-chleachtais agus taithe a mhalarú maidir leis na trí threoir freisin. D'fhéadfadh malartú den sórt sin cabhrú le forbairt a dhéanamh ar chóras ceartais AE a oibreofar i gcomhréir le cearta bunúsacha agus lena n-urramófar na cearta sin.

Tuairim ó FRA 8.2

Agus iad ag obair go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhlachtaí eile AE, ba cheart do Bhallstáit AE leanúint le féachaint lena áirithiú go ndéanfar cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla a léiriú go cuí in orduithe dlíthiúla náisiúnta agus go gcuirfead na cearta sin chun feidhme go héifeachtach ar fud AE. Áirítear leis na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ina leith sin treoir agus oiliúint spriocdhírthe phraiticiúil a chur ar fáil do ghníomhaithe ceartais choiriúil agus deiseanna méadaithe a sholáthar le haghaidh cumarsáid idir na gníomhaithe sin.

Sa bhliain 2016, dhírigh a lán Bhallstáit AE ar na hoibleagáidí a forchuireadh leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach a chomhlíonadh $\frac{3}{4}$ mar shampla, dul i gcion ar líon méadaithe íospartach agus treisiú a dhéanamh ar acmhainn agus cistiú seirbhísí tacaíochta íospartach, lena n-áirítear sainseirbhísí do na híospartaigh is leochaillí ar nós leanaí. Treocht dhearfach ar leith ba ea gur mhéadaigh níos mó ná ceathrú de na Ballstáit an cistiú a cuireadh ar fáil do sheirbhísí tacaíochta íospartach. Leathnaíodh agus feabhsaíodh na seirbhísí mar gheall ar an gcistiú breise sin. Beag beann ar an dul chun cinn a rinneadh, tá bearna shoiléir amháin ann i roinnt Bhallstáit AE go fóill, is é sin, an easpa seirbhísí cineálacha tacaíochta íospartach atá ar fáil. Fágann sé sin nach féidir le gach íospartach coireachta ar fud AE rochtain a fháil ar an tacaíocht a theastaíonn uathu chun gur féidir leo leas a bhaint as a gcearta.

Tuairim ó FRA 8.3

Ba cheart do Bhallstáit AE aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann sa soláthar seirbhísí cineálacha tacaíochta íospartach. Tá sé tábhachtach go ndéanfar íospartaigh na coireachta a chumasú agus a chumhachtú chun leas éifeachtach a bhaint as a gcearta, ar aon dul leis na caighdeáin íosta a leagtar síos sa Treoir maidir le Cearta Íospartach. Mar chuid den obair sin, ba cheart neartú a dhéanamh ar acmhainn agus cistiú seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta íospartach ar féidir le gach íospartach coireachta rochtain a fháil orthu saor in aisce. Ar aon dul leis an Treoir, ba cheart do Bhallstáit AE neartú a dhéanamh freisin ar shainseirbhísí d'íospartaigh leochaileacha – leanaí agus íospartaigh na fuathchoireachta ina measc.

Sa bhliain 2016, shínigh na trí Bhallstát dheireanacha AE (an Bhulgáir, Poblacht na Seice agus an Laitvia) Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Ag an am céanna, áfach, cuireadh ráitis in iúl i mBallstát eile (an Pholainn) á rá nach gcomhlíonadh sé a ghealltanais i leith an choinbhinsiúin. Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an pointe tagartha is tábhachtaí nuair atáthar ag cinneadh caighdeáin Eorpacha le haghaidh mná a chosaint ar fhoréigean. Go háirithe, is le hAirteagal 52 maidir le horduithe urchois éigeandála a chuirtear oibleagáid ar na páirtithe a áirithiú go dtabharfar de chumhacht d'údarás inniúla ordú a thabhairt do dhéantóir foréigin teaghlaigh imeacht ón áitreabh ina gcónaíonn an t-íospartach. Tá sé sin ar aon dul leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach, lena gceanglaítear ar Bhallstáit AE a áirithiú go dtabharfar cosaint d'íospartaigh ar athíospairt. Mar sin féin, níl reachtaíocht lena gcuirtear an rogha sin chun feidhme ar aon dul le Coinbhinsiún Iostanbúl achtaithe ach ag thart ar leath na mBallstát don Aontas Eorpach go dtí seo. Fiú amháin sna Ballstáit sin a bhfuil reachtaíocht iomchuí i bhfeidhm acu, is amhlaidh nach ndéantar measúnuithe maidir le héifeachtacht na reachtaíochta sin.

Tuairim ó FRA 8.4

Ba cheart do gach Ballstát AE breithniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dhaingniú agus a chur chun feidhme. Ar aon dul le hAirteagal 52 de Choinbhinsiún Iostanbúl, agus chun a áirithiú go dtabharfar cosaint iontaofa láithreach d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh ar athíospairt, ba cheart do Bhallstáit AE forálacha dlíthiúla a achtú agus a chur chun feidhme go héifeachtach lena gcumasófar do na póilíní ordú a thabhairt do dhéantóir foréigin teaghlaigh imeacht ó áit chónaithe an íospartaigh agus fanacht achar sábháilte ar shiúl ón íospartach. Maidir le Ballstáit AE a bhfuil reachtaíocht den sórt sin i bhfeidhm acu, ba cheart dóibh scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht iarbhir na reachtaíochta.



9. Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Deich mbliana i ndiaidh do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UN) glacadh leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), tá an coinbhinsiún ag leanúint le dlús a chur faoi athruithe suntasacha dlí agus beartais in AE agus ina Bhallstáit. De réir mar a athraíonn aird a bheith á tabhairt ar an gcéad sraith de leasuithe a bhaineann le CRPD i dtreo an dul chun cinn atá déanta a chomhdhlúthú, baineann níos mó tábhachta le moltaí na meicníochtaí athbhreithnithe agus gearán ag na leibhéil idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta, chomh fada is a bhaineann le bearnaí dianseasmhacha cur chun feidhme a aithint. D'fhéadfadh gur uirlisí ríthábhachtacha iad creataí monatóireachta bunaithe faoi Airteagal 33 (2) den choinbhinsiún, chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí seo, go háirithe na moltaí sin atá ag eascirt as athbhreithnithe déanta ag an gCoiste CRPD ^{3/4} ach éilíonn siad neamhspleáchas, acmhainní agus bonn dlí láidir chun a dtascanna a chur i gcrích go héifeachtach.

Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú a rinneadh sa bhliain 2015 ar an dul chun cinn a bhí déanta ag AE ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a chur chun feidhme, chuir institiúidí AE raon beart reachtach agus beartais i gcrích chun roinnt de na moltaí ó Choiste CRPD a chur i bhfeidhm. Léirigh sé sin go soiléir a thiomanta atá an tAontas dá chuid oibleagáidí faoin gcoinbhinsiún a chomhlíonadh. Sna moltaí fadréimseacha ón gcoiste, leagadh amach treoiphlean le haghaidh gníomhaíocht dhlíthiúil agus beartais ar fud réimse inniúlachta AE. Tá na moltaí ábhartha do gach institiúid, gníomhaireacht agus comhlacht de chuid an Aontais freisin.

Tuairim ó FRA 9.1

Ba cheart don Aontas Eorpach a bheith ina eiseamláir trí chur chun feidhme tapa na moltaí ó Choiste CRPD a áirithiú ar mhaithe le cur chun feidhme iomlán an choinbhinsiúin a chur ar aghaidh arís eile. Chun déanamh amhlaidh, beidh gá ann le dlúthchomhar idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE. Is é an Coimisiún Eorpach a chomhordóidh an comhar sin, ag gníomhú dó mar phointe fócasach le haghaidh chur chun feidhme CRPD. Beidh gá ann le hobair i gcomhar leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas freisin. Ba cheart rialacha mionsonraithe don chomhar sin a leagan amach i straitéis thrasnaí le haghaidh chur chun feidhme CRPD, mar a mhol Coiste CRPD.

A bhí leis na gníomhartha a rinneadh chun CRPD a chur chun feidhme, bhíothas in ann athchóirithe fadréimseacha dlíthiúla agus beartais a bhrú chun cinn ar fud AE sa bhliain 2016. Bhain siad sin le réimsí amhail inrochtaineacht, oideachas cuimsitheach, rannpháirtíocht pholaitiúil agus maireachtáil neamhspleách. Is amhlaidh i roinnt tionscnamh ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát, áfach, nach mbaintear leas iomlán as an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a cheanglaítear le CRPD. Ní ag tionscnaimh eile atá an treoir shoiléir cur chun

feidhme a theastaíonn chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach.

Tuairim ó FRA 9.2

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit gearú ar na hiarrachtaí atá ar bun acu chun caighdeáin CRPD a leabú ina gcreataí dlíthiúla agus beartais ar mhaithe lena áirithiú go ndéanfar an cur chuige atá bunaithe ar chearta i leith saincheisteanna míchumais, mar a bunaíodh i CRPD, a léiriú go hiomlán sa dlí agus i gceapadh beartas. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an reachtaíocht chun an dóigh a bhfuil sí ag cloí le CRPD a mheas. Ba cheart spriocanna agus tréimhsí ama soiléire a leagan síos sa treoir maidir le cur chun feidhme. Ba cheart na gníomhaíthe a bheidh freagrach as na hathchóirithe a shainaitheint sa treoir sin freisin.

Léirítear i dtionscadail Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) a comhaontaíodh sa bhliain 2016 gur dóigh go mbainfeadh tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo CRPD a chur chun feidhme i mBallstáit AE tairbhe as tacaíocht airgeadais CSIE ina lán réimsí. Is féidir na coinníollachtaí ex ante $\frac{3}{4}$ is iad sin, na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfar na cistí a chaitheamh $\frac{3}{4}$ is féidir iad a leanúint chun cabhrú lena áirithiú go n-úsáidfean na cistí ar bhealach a chuirfidh cur chun feidhme CRPD ar aghaidh. De réir mar a chuirfean tionscadail arna gcistiú ag CSIE i bhfeidhm, beidh ról méadaitheach ag na coistí faireacháin náisiúnta maidir lena áirithiú go n-úsáidfean na cistí i gcomhréir le ceanglais CRPD.

Tuairim ó FRA 9.3

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit bearta tapa a dhéanamh chun cur i bhfeidhm cuimsitheach na gcoinníollachtaí ex ante atá nasctha le cearta daoine faoi mhíchumas a áirithiú ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) chun tacú le cur chun feidhme CRPD. Ionas go mbeifear in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar na cistí agus ar a dtorthaí, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit bearta a dhéanamh freisin chun a áirithiú go mbaileofar sonraí leordhóthanacha cuí faoin dóigh a bhfuil na cistí á n-úsáid.

Léirítear san fhianaise ar bhailigh FRA í sa bhliain 2016 an ról tábhachtach is féidir le sásraí gearán breithiúnach agus neamhbhreithiúnach a imirt maidir le bearnaí a shainaitheint i gcur chun feidhme CRPD agus maidir le raon feidhme cheanglais an

choinbhinsiúin a shoiléiriú. Tá roinnt cásanna maidir le neamh-idirdhealú san fhostaíocht ina bhfianaise ar chomhlántacht agus ar ábharthacht fhrithpháirteach na gcaighdeán ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal náisiúnta.

Tuairim ó FRA 9.4

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit bearta a dhéanamh chun feasacht ar CRPD a mhéadú i measc sásraí gearán breithiúnach agus neamhbhreithiúnach atá iomchuí chun cur arís eile leis an ról tábhachtach atá ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme CRPD a bhaint amach. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí modúil oiliúna a fhorbairt agus rialacha mionsonraithe a bhunú le haghaidh taithe agus cleachtais náisiúnta a mhalartú.

Faoi dheireadh na bliana 2016, ba í Éire an t-aon Bhallstát amháin nach raibh CRPD daingnithe aige. Mar sin féin, tá na príomh-athchóirithe a theastaíonn chun déanamh amhlaidh i bhfeidhm anois. Ina theannta sin, níl an Prótacal Roghnach a ghabhann le CRPD daingnithe ag cúig Bhallstát ná ag AE go fóill. Is Prótacal é sin lena gceadaítear do dhaoine aonair gearáin a chur faoi bhráid Choiste CRPD agus lena gceadaítear don Choiste fiosrúcháin rúnda a thionscnamh tar éis dó "faisnéis iontaoifa ina dtugtar le fios go ndearnadh sárúithe tromchúiseacha nó córasacha" ar an gcoinbhinsiún (Airteagal 6) a fháil.

Tuairim ó FRA 9.5


Maidir leis na Ballstáit sin AE nach bhfuil ina bpáirtí i CRPD agus/nó sa Phrótacal Roghnach a ghabhann leis go fóill, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar na bearta riachtanacha a chur i gcrích chun iad a dhaingniú a luaithe is féidir ar mhaithe le daingniú iomlán na n-ionstraimí sin ar fud AE a bhaint amach. Ba cheart don Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta tapa a dhéanamh chun glacadh leis an bPrótacal Roghnach.

Maidir le ceithre cinn de na 27 mBallstát AE a bhfuil CRPD daingnithe acu, tharla sé, faoi dheireadh na bliana 2016, nach raibh creataí bunaithe nó sainithe i bhfeidhm acu chun cur chun feidhme an choinbhinsiúin a chur chun cinn agus a chosaint agus chun faireachán a dhéanamh air, faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 33(2) den choinbhinsiún. Ina theannta sin, léirítear i bhfianaise ó FRA go bhfuil an bonn á bhaint ó fheidhmiú éifeachtach roinnt creataí reatha mar gheall ar na nithe seo a leanas: an easpa acmhainní atá ar fáil, bunús dlí daingean

a bheith in easnamh, agus mainneachtain chun rannpháirtíocht chórasach daoine faoi mhíchumas a áirithiú, mar aon leis an easpa neamhspleáchais atá ann i gcomhréir le Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine.

Tuairim ó FRA 9.6

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar acmhainní airgeadais agus daonna atá dóthanach agus cobhsaí a leithdháileadh ar na creataí faireacháin arna mbunú faoi Airteagal 33(2) de CRPD. Dá ndéanfaí amhlaidh, chumasófaí dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach agus bheifí in ann faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme CRPD a áirithiú. Faoi mar a leagadh amach sa Tuairim dhlíthiúil ó FRA sa bhliain 2016 maidir leis na ceanglais faoi Airteagal 33(2) de CRPD laistigh de chomhthéacs AE, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit breithniú a dhéanamh freisin ar inbhuanaitheacht agus neamhspleáchas na gcreataí faireacháin a chinntiú trína áirithiú go mbeidh bunús dlí daingean ann dá gcuid oibre agus go gcuirfear Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine san áireamh ina gcomhdhéanamh agus ina n-oibriú.



Trí iarrachtaí ilchineálacha ag leibhéal AE agus náisiúnta, rinneadh iarracht cosaint na gceart bunúsach a threisiú in 2016, cé gur bhagair roinnt beart an bonn a bhaint dá leithéid de chosaint. Déantar athbhreithniú i *dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2017* FRA ar mhórfhorbairtí in AE idir Eanáir agus Nollaig 2016, agus déantar cur síos imlíneach ar thuairimí FRA ina dtaobh. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair inní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.

I mbliana, díritear sa rannóg fócais ar mhachnamh a dhéanamh ar 10 mbliana d'fhorbairtí ar chearta bunúsacha in AE. Sna caibidlí eile, pléitear Cairt um Chearta Bunúsacha AE agus an úsáid atá á baint ag Ballstáit as an gcairt; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt atá bainteach leo; lánpháirtíú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí i dtaca le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Tuilleadh faisnéise:

Chun teacht ar an Tuarascáil um chearta bunúsacha 2017 (*Fundamental Rights Report 2017*) iomlán ó FRA ¾ féach <http://fra.europa.eu/en/publication/2017/fundamental-rights-report-2017>

foilseacháin ghaolmhara de chuid FRA chomh maith:

- FRA (2017), *Tuarascáil um chearta bunúsacha 2017 ¾ Tuairimí ón FRA*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2017/fundamental-rights-report-2017-fra-opinions> (ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh)
- FRA (2017), *Between promise and delivery: 10 years of fundamental rights in the EU*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2017/10-years-fundamental-rights> (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

I gcomhair tuarascálacha bliantúla FRA roimhe maidir le dúshlán agus gnóthú spriocanna i réimse na gceart bunúsach san Aontas Eorpach i gcomhair bliain ar leith, féach: <http://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/annual-reports> (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).



Oifig na bhFoilseachán

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um
Chearta Bunúsacha, 2017
Grianghraf: © iStockphoto;
An Coimisiún Eorpach; OSCE (Milan Obradovic)

FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699
fra.europa.eu – info@fra.europa.eu
[facebook.com/fundamentalrights](https://www.facebook.com/fundamentalrights)
[linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency](https://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency)
twitter.com/EURightsAgency



Print: ISBN 978-92-9491-648-8, doi:10.2811/141666
PDF: ISBN 978-92-9491-664-8, doi:10.2811/6142